Tionscadail Mhóra

Córas Luathiompair

Cuirfidh Córas Luathiompair seirbhís iompair phoiblí ar fáil do phobal Bhéal Feirste; seirbhís ghasta, iontaofa agus nua-aimseartha, rud a mheallfaidh thar 5.5 mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana. Cuideoidh an córas iompair seo le daoine a cheangal le poist, le hospidéil, le scoileanna agus le coláistí.

Beidh trí bhealach ag an ghréasán tosaigh, rud a chiallaíonn go gceanglófar Lár Chathair Bhéal Feirste le Dún Dónaill in Oirthear Bhéal Feirste, le Gleann na Móna in Iarthar Bhéal Feirste agus leis an fhorbairt i gCeathrú an Titanic. Rithfidh an córas luathiompair ar bhealaigh atá saor ó thrácht den chuid is mó, agus bainfear úsáid as feithiclí ardchaighdeáin, astú íseal; cuirfear an tseirbhís ar fáil ag stopanna nua-aimseartha gach 5 nóiméad le linn buaicthráth tráchta. Beidh an tseirbhís custaiméir-lárnaithe agus inrochtana. Cuirfear eolas taistil fíor-ama ar fáil do na custaiméirí; ní bheidh ticéidí le ceannach ar bord agus beidh na bealaigh rochtana comhréidh.

Bóithre

Táthar ag súil le go gcríochnófar an obair chun Scéim an M1/ Westlink a uasghrádú faoi earrach 2009

Táthar ag súil le go gcríochnófar an obair leis an M2 a leathnú ó Sandy Knowes go Cloch Mhic Coisteala faoi samhradh 2009.

Táthar ag súil le go gcríochnófar an obair leis an chuid dheireanach de charrbhealach singilte thart ar Chathair Iúr Chinn Trá a uasghrádú go caighdeán carrbhealach dúbailte faoi gheimhreadh 2010 agus go mbeidh sé oscailte don trácht ansin. Ciallaíonn an scéim sin go mbeidh carrbhealaigh dhúbailte ar an bhealach iompair ar fad ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath.

Fógraíodh na bealaigh iompair is fóirsteanaí do na huasghráduithe atá beartaithe do charrbhealaigh dhúbailte i gcás an A5 a ritheann idir Doire agus Achadh na Cloiche, an A6 ó Dhoire go Dún Geimhin agus an A8 idir Béal Feirste agus Latharna.

Iompar

Le blianta beaga anuas chuidigh an Roinn le Translink ionas go dtiocfadh leis na nithe seo a leanas a dhéanamh: 23 traein úr a cheannach, áis chóireála traenacha a thógáil chun na traenacha úra a stóráil agus línte iarnróid a uasghrádú. Beidh 20 traein úr breise ag feidhmiú faoi 2013, rud a mhéadóidh líon na bpaisinéirí agus a fheabhsóidh seirbhísí.

Ó Aibreán 2000, chuidigh an Roinn le Translink ionas go dtiocfadh leis 938 bus úr a cheannach, busárais, ceardlanna agus garáistí a uasghrádú.

Uisce

Mar pháirt den Straitéis Infheistíochta, infheisteoidh Northern Ireland Water (NIW) tuairim is £670m inár seirbhísí cóireála agus dáilte uisce agus fuíolluisce. Ciallaíonn an infheistíocht sin:

- Go mbeifear ábalta caighdeáin cháilíochta Eorpacha a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr, rud a sholáthróidh cóireáil fheabhsaithe fuíolluisce agus a mhéadóidh líon iomlán na n-oibreacha comhlíontacha go dtí 91% (fuíolluisce ó 94% den daonra a chóireáil) faoi dheireadh 2009;
- Go dtiocfadh feabhas ar chaighdeáin an uisce óil, rud a sholáthróidh cóireáil fheabhsaithe agus a mhéadóidh Comhlíonadh MeánChriosach (caighdeán an uisce ón sconsa) go dtí 99.7% faoi dheireadh 2009;
- Go dtiocfaidh laghdú ar an mhéid uisce sceite chun an Leibhéal Eacnamaíoch Sceite (135.5ml/lae) a bhaint amach faoi 2010 tríd an chlár leanúnach um athshlánú an phríomlíonra uisce; agus
- Go dtiocfadh feabhas ar an ghréasán séarachais trí thionscadail ar nós Tionscadal Séarach Bhéal Feirste, rud a laghdóidh truailliú na n-aibhneacha, baol na dtuillte agus a sholáthróidh cumas méadaithe le forbairt agus fás a éascú san am atá le teacht.

Fíricí & figiúirí

Iompar Poiblí

Ó Aibreán 2000 rinne an Roinn na nithe seo a leanas:

- £129.5m de chistiú caipitil a chur ar fáil le 938 bus úr a cheannach agus le busárais, ceardlanna agus garáistí a uasghrádú; agus
- Oibreacha caipitil, arbh fiú £266.5 iad, a mhaoiniú ar iarnróid an réigiúin lena n-airítear tionscadail mhóra ar nós 23 traein úr a cheannach, rud a chosain tuairim is £82m, Áis úr chóireála le haghaidh traenacha a thógáil, rud a chosain £11m agus línte iarnróid a uasghrádú, rud a chosain £25m.

Bóithre

Tá an tSeirbhís Bóithre freagrach as a chinntiú go mbainistítear, go gcoinnítear agus go bhforbraítear gréasán na mbóithre poiblí ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Tá bunfhreagracht ag an tSeirbhís Bóithre chun a chinntiú go ndéantar bearta leis na gnéithe a bhaineann le bóithre sa dá cháipéis seo a leanas a chur i gcrích: Straitéis Réigiúnach Iompair do Thuaisceart Éireann 2002-12 agus an Straitéis Infheistíochta do Thuaisceart Éireann 2008-2018. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as díreach thar 25,000 ciliméadar de bhóithre poiblí, 9,000 ciliméadar de chosáin, 5,800 droichead, 263,000 solas sráide agus 370 carrchlós poiblí.

Uisce agus Séarachas

Tá tuairim is 795,000 custaiméir baile, custaiméir talmhaíochta, custaiméir tráchtála agus custaiméir gnó i dTuaisceart Éireann ceangailte leis an soláthar phoiblí uisce agus soláthraíonn Northern Ireland Water tuairim is 619 milliún lítear d'uisce óil ar ardchaighdeán do chustaiméirí gach lá. Coinníonn Northern Ireland Water an bhail cheart ar infrastruchtúr cóireála uisce a bhfuil na nithe seo a leanas mar pháirt de:

- 40 taiscumar
- 44 mórobair chóireála
- 90 taiscumar seirbhíse;
- 87 staisiún caidéalaithe; agus
- 26,500 ciliméadar de phríomhlíonra uisce.

Lena chois sin, bailíonn, cóireálann agus dumpálann Northern Ireland Water tuairim is 134 milliún méadar ciúbach d'fhuíolluisce gach bliain agus coinníonn sé an bhail cheart ar infrastruchtúr séarachais a bhfuil na nithe seo a leanas mar pháirt de:

- 1,124 Obair Chóireála Fuíolluisce;
- 1,194 stáisiún caidéalaithe fuíolluisce; agus
- 14,500 ciliméadar de shéaracha.

Department for Regional Development
www.drdni.gov.uk

AN ROINN Forbartha Réigiúnaí
MÄNNYSTRIE FUR Kintra Pairts Fordèrin

Maidir linn

Cáilíocht na beatha a fheabhsú...
do chách.

Tá sé mar aidhm againn cáilíocht na beatha a fheabhsú trí bhóithre, iompar, uisce agus infrastruchtúr a chinntiú agus trí fhorbairt straitéiseach fhadtéarmach an réigiúin a mhúnlú.

Fís S'againne

Réigiún ina bhfuil bóithre, iompar agus seirbhísí uisce nua-aimseartha, sábháilte agus inmharthana ann a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha do chách.

Spriocanna S'againne

Seo a leanas príomhspriocanna na Roinne:

Tacaíocht a thabhairt don gheilleagar trí ghréasáin iompair shábháilte agus inmharthana a choinneáil agus a fhorbairt; seirbhísí aerfoirt agus calafoirt a chur chun cinn; aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíocht réigiúnach i dtaca le hinfrastruchtúr de; agus trí thodhchaí fhadtéarmach an réigiúin a mhúnlú; agus

Cur le sláinte agus le leas an phobail agus le cosaint na timpeallachta tríd an pholasaí agus an timpeallacht rialacháin a choinneáil agus a fhorbairt, rud a sholáthraíonn uisce agus seirbhísí séarachais inmharthana ar ardchaighdeán.

Freagrachtaí S'againne

Seo a leanas príomhfhreagrachtaí na Roinne:

- Pleanáil straitéiseach réigiúnach agus forbairt beartais;
- Straitéis Iompair;
- Polasaí agus feidhmíocht i dtaca le hIompar Poiblí;
- Obair áirithe ar pholasaí agus ar thacaíocht d'aerfoirt agus do chalafoirt;
- Polasaí i dtaca le seirbhísí uisce agus séarachais agus bainistíocht leas scairshealbhóirí na Roinne in Northern Ireland Water; agus
- Bóithre poiblí a sholáthar agus a chóiriú.

Príomhfhoireann S'againne

Conor Murphy
FP CTR Aire

Paul Priestly
Rúnaí Buan

Geoff Allister
Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse Bóithre

Doreen Brown
Leas-Rúnaí Réigiúnach Pleanáil agus Iompar

Lian Patterson
Stiúrthóir Sinsearach Airgeadais Acmhainní agus Bainistíocht Seirbhísí

Déan teagmháil linn

An Roinn Forbartha Réigiúnaí
Cúirt Clarence
10-18 Sráid Adelaide
Béal Feirste
BT2 8GB

Guthán 028 9054 0540
Facs: 028 9054 0064

Ríomhphost: enquiries@drdni.gov.uk
Tá áis Teacsfóin ar fáil fosta do dhaoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu ar an uimhir: 028 9054 0642

Teagmháil úsáideach eile

Ceannceathrú na Seirbhíse Bóithre
Cúirt Clarence
10-18 Sráid Adelaide
Béal Feirste BT2 8GB

Guthán: (028) 9054 0540
Facs: (028) 9054 0024

Ríomhphost: Roads@drdni.gov.uk
Suíomh idirlín: **www.roadsni.gov.uk**

Tá eolas níos mionsonraithe le fáil i bPleananna Corporáideacha agus Gnó na Roinne agus is féidir iad a fháil ar ár suíomh Gréasáin: **www.drdni.gov.uk**